

Fuigheall tuisleadh Trian Conghoil

[Ó Donnchadha, T. *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe*, Dublin, 1931, poem 21]

Lughaidh Ó hEachuidhéin .cc.

1 Fuighioll tuisleadh Trian Conghoil;  
agso cuid da chomhardhoibh:  
déine a diombuadh, a deacra,  
diombuan céile a coigealta.

2 Ar an bhfonnsa fad ó shoin  
ón ló tugadh Trian Conghoil,  
críoch fhoinnréidh na n-eatal ngeal  
deacar a hoilbhéim d'aireamh.

3 Atá sonn seanchus deimhin  
ó ré Chonghoil chláireinigh;  
fuair an eang tar bhogclár Breagh  
tocrádh fa cheann a chéileadh.

4 Fuair an tírsi, fa tús cráidh,  
tré Chonghol Chlaon mac Sgannláin  
tuisleadh ó nár theachta dhi,  
a deacra ag tuismheadh tríthi.

5 Lá Craoibhe Tolcha san treas  
naisgis ar ochra a háineas;  
ar anshocair do só soin  
i ló a hanocoil d'Eochoidh.

6 Tar éis cumhadh cloinne hír  
tarrasdair tuilleadh imshnímh  
gach ruire, do réir na sean,  
d'Íbh Néill Buidhe 'ga buaidhreadh.

7 Fuair an tírsi, gá dtám ris,  
dúsgadh bróin, báthadh áinis,  
ró doghoillsi 'na dhiaidh soin  
fán gcrobhoingsi Bhriain Bhalloigh.

8 Ní creidfidhe ó fhior an iúil,  
Trian Conghoil na gcúan dtaighiúir,  
fios na sgél do imdhigh air,  
sgél a imnidh a amhghair.

9 Ní fheudfadh ollamh uird fis  
nó léightheoir leabhur n-oiris  
ríomh creach an gheugfhuarfhuin ghil,

leath a héadtualuing d'áirimh.

10 I n-am a cumhadh do chlódh  
re hucht a héigne d'iompódh  
fuair easgor as uille goimh  
teasgadh as truime tarroidh.

11 Clódh a deacra díon a cean  
go héug Seaáin do saoiladh  
claochládh na letrom do loigh  
ar shaorchlár gcreatlom gConghuil.

12 Tarroidh tuirrsi tar gach sníomh,  
fuair urchra tar gach imshníomh  
tré mhac Briain, damhna a deacra,  
liaigh a cabhra a coigealta.

13 Ní hadhbhar iongantais dí  
créd fá mbiadh iongnadh uimpe?  
críoch bhratshaoirshean da mbí grádh  
dá n-acaoineadh sí Seaán.

14 Iomdha sníomh siobhoil oidhche,  
iomdha gúais airm fhaobhairthe,  
iomdha gleoágh gnáthfhrais gon  
tárthais Seoán da saoradh.

15 I rinn troda i dteanntaibh cath  
meinic fuair sé go saothrach  
cosg foghla a bruighean a beann  
comhdha a muigheadh a maoileann.

16 Iomdha teannta i dtugadh lais  
coinghleic fa chenn a dhúthchais  
ar bhróin ndeis gealchaolgha glan  
neamhchaomhna a chneis do chleachtadh.

17 Meinic tarraidh tomhoilt mall,  
dusgadh ciúin, codladh eudtrom,  
cuairt thriallmhoch ag teachta ó thoigh,  
leabtha fianbhoth i bhfearthoin.

18 Meinic fuair, feasach linne,  
anró oidhche doininne  
ar fhoghluibh ga hionnradh soin  
ar cholbhaibh fionnmhagh bhfásoigh.

19 Meinic dob í a adhbha ciúil  
ar son seanma téd dtaighiúir,

seinm a each, síonghlór na sriobh  
ag díobhdhódh creach is caibhdhion.

20 Ag díon cháigh ar chonfadh sluaigh  
do bhíodh lá i lúirigh fhionnfhuair,  
lá i mbeirt do chaolshról cíor nglan  
'ga dhíon ar shaorshlógh Shaxan.

21 Lá i ndroibhél da dhreich mur ghloin,  
lá ag Seaán ar slios aonoigh,  
lá ar sgáth sgéith an dlighidh,  
tráth i gcléith re coillidhibh.

22 Ní heol dúinn go ndernadh air  
ó ré Chuinn mic Briain Bhallaigh,  
nír bh'é an édáil cháir a chrodh,  
táir nó éagcáir nár híocadh.

23 Ar chách oile a hucht a theinn  
dob ionchuir le hua bhFeidhlim  
cáin as an gcánoigh do chuir;  
táin san tánoigh do thabhuigh.

24 Do beirthe, tre bhruach ceilge,  
creach i n-íoc na haidheirbe  
nó i n-aonbhoin do cheanoibh cháigh  
re feadhoin shaorghloin Sheaáin.

25 Do bhí an tírsin, ní taom náir,  
gan easbhuidh ag ég Sheaáin,  
gan choinbhliocht, gan chlaon gcára,  
saor 'na hoighriocht éadála.

26 Gan uamhan catha do chor,  
gan guais creiche no comhodh,  
gan chogadh, gan céim goimhe,  
réidh 'na tobar téachtoighe.

27 Do thréigsiod ar ghrádh a ngoimh,  
an t-ord brughaidh nó biatoigh;  
dá námhoid 'gar bhuaine bágh,  
uaidhe 'na gcároid chompán.

28 Do bhíodh ord easaonta cháigh  
gan bhaoghal ré mbás Seaáin,  
's lucht caoilreachta tré choing ndil  
ag roinn aoinleaptha ar uairibh.

29 Tug ar chách comholl síodha

tréigid aontoil ainbhfóra  
cuing claonbháidhe nír chlecht dáibh  
tré nert saorlámhe Seaáin.

30 Ar ghrádh nó ar ghuais na bhfersa  
ní thug, ar aoi n-imreasna,  
comairce i ngliaidh gan a ghoin  
do bhronnaicme Briain Bhallaigh

31 Gluaister leis a los a theinn,  
earr meirge, mac mic Feidhlim  
ar sén gliadh ar corcradh cnedh  
da nochtadh i n-iadh Oirther.

32 Lá oile ag iomáin a chruidh,  
nochtus mac Briain a bhratuigh,  
tearc fios nach faghuir linne  
ar slios calaidh Cairlinne.

33 An baile ar bhárduibh Í Néill  
gabhtur leis, lór do chaithréim,  
's losgadh a luinge ó laoch Breagh  
re fraoch buinne nár báitheadh.

34 Ó imlibh Banna báine  
léigthior sirthe ar Seaáinne  
tar Túaim, gion gur triall corrach,  
uaidh siar um an Seanmhullach.

35 Do dhruim ruaga, raon deacraigh,  
tug leis Aodh mac Muirchertuigh,  
lucht feithmhe gach airde air,  
is ceithre hairgne ón Fhiodhbhaidh.

36 Beantur leis, lór do chuing,  
sé creacha do chloinn Domhnuill,  
fuair sé fan nGorbanna ngloin  
sé comhlanna um na creachaibh.

37 Loch Innse Fiachna fuair soin  
d'aimhdheoin bhárda Bhriain Carraigh,  
re a chur i gcéill ar ó gCuinn,  
céim as lugha ar a labhruim.

38 Tar sraith Banna an bhruaigh ghil  
tug dhá chreach uatha ar éigin,  
magh nó claonchoill níor dhíon dáibh  
da mbíodh ag caomhchloinn Catháin.

39 Tosach laoi lá na Móna  
fuair creich, fa céim anóra,  
d'uamhan fan gcradh do choimhdhe  
nír an sluaghadh Samhoirle.

40 Uaimh Beirne danuir, dún ard,  
gabthur leisen lór Danmharg;  
cúis lettruim comhroinn a gcruidh  
ó dheaghcloinn Domhnoill duasuigh.

41 Tug mac Briain, cóir a chuimhne,  
creich mhóir ó mhac Samhuirle;  
nír bhean tóir do thuir Line  
fa mhuigh áin na hOirbhire.

42 Dh'éis airgthe fhuairghlinn Uine  
tairnge Seaáin sochuidhe,  
tar an sál lachmhall lodur  
go clár Rachlann rángadar.

43 Édáil Rachlann, lámh do láimh,  
tugadh re sluaghaibh Seaáin,  
slóigh toirbheartach ón Trían thoir,  
go hiath coinghleacach Conghoil.

44 Gibé uair aigeórthur air  
mac duasach Domhnuill Bhallaigh,  
lá do nimh luit a láimhe  
do thuit sin rer Seaáine.

45 An líon gliadh tarla re a thaoibh  
gluaisid creich ó chloinn Amhlaoibh,  
ghar dhóibh donnadh a n-arm  
ón tóir gur lomadh Latharnn.

46 Easbhaidh ar easbhaidh orthaibh  
tug iarraidh ar Albanchoibh,  
ar fhaghail do thúr troda  
adhaigh fa Dhún Diarmoda.

47 Tugadh mur nach dtug a lán  
bhan tír soirin re Seaán,  
cuairt diomdhagh, fan deacra béim  
echtra d'ionnradh an Oiléin.

48 Iarmhua neimhneach Néill mhic Cuinn  
gluaisios secht gcreacha chuguinn  
ó bhruach Cairrge na ngort ngeal  
nó ocht n-airgne re a n-áireamh.

49 Do hathroigheadh, anba an cládh,  
don turussa tug Seaán  
snuadh a gort 's a glasloch geal  
lasroch ós Port na Peiredh.

50 Fan gCaisleán Nua maoidhfe mé  
tug cuairt bhán gCasleán mBuidhe  
go harguin cháigh uma gcion,  
táir ar ardaibh gha fheithiomh.

51 Tarraidh Seaán ar sén gliadh  
aisder dar airg an Duibhthrian;  
mór ndroibhél do bhaoi gan bhoin  
Oilén mo Chaoi gur chuartoigh.

52 Sliocht Énrí Caoich na gcolg sen  
tug Seaán creich ó a gcríchsen,  
's dá chreich fhréimhe hArtáin fhinn  
re céile fhadchláir Fheidhlim.

53 Go ndearna, is deimhin linne,  
dhá chreich Choille Bairlinne;  
ré gclódh do chleith moighe Mis  
dhá chreich san Doire dúisgis.

54 D'aindeoin na tóra tug soin  
trí crecha ón chloinnsi Breasoil,  
nír iarr doirrsi ar fhiodh an fhuinn,  
's dá chion ón chloinnsi Chonuill.

55 Tug mac Briain tré bhernuibh gleoidh  
ceithre hairgne da haindeoin,  
tearc do choill comairche a cruadh,  
ón Choill fhonnfhoirfe Ultuigh.

56 Fiach ormsa a n-innisi sin:  
ó mhac Néill Óig ar éigin  
tug sé tar fonnfhairrge bhfinn  
sé tromairgne nó a dtuairim.

57 Creach an Lagáin leth ar leath  
le mac Briain cian bhus cuimhneach;  
eolaigh fa a gcoill tre chiontoibh  
ar chloinn Eoghain aithiontoir.

58 Sliocht merdhanta mhic Í Néill  
teaguid gan arguin uaidhséin;  
maithter falta cháigh i gcion,

a ndalta dháibh budh dídean.

59 Beag nár áirmheas a n-uair mé  
re a gcur i gceann a chéile  
do ríomh a chomhloinn a chen,  
díobh muna bhfoghbhoinn fuigheall. Fuigheall

60 Seacht mbliadhna dég derbhtha an dáil,  
ó thecht Dé go dol Seaáin,  
sé chéd is míle re a meas  
ní brég líne dar luaidheas.